Nuachtlitir Mí na Samhna 2026

Fáilte arais gach duine! 💜💙
Tá súil againn go raibh briseadh álainn agaibh.Bíonn an leath-téarma seo gnóthach, ach bíonn sé thar a bheith speisialta i gcónaí.
Ba mhaith linn ár mbuíochas ó chroí a ghabháil as bhur dtacaíocht le linn ár ndíolachán cístí Oíche Shamhna. Rinne bhur bhflaithiúlacht difríocht shuntasach, rud a chuidigh linn €1,374 a bhailiú! Bhí sé iontach ár bpobal a fheiceáil ag teacht le chéile, agus ní fhéadfaimis é a dhéanamh gan gach duine agaibh. Ní hamháin gur éirigh go maith leis an imeacht mar gheall ar bhur rannpháirtíocht ach chruthaigh sé cuimhní buana dár bpáistí freisin. Faigh ceangailte físeán den lá ar eagla nach bhfuil sé feicithe! 🎬 Oíche Shamhna 2026.mov

Welcome back everyone!
We hope you had a lovely break. This half term is a busy one, but it is always extra special. We would like to express our thanks for your support during our Halloween cake sale. Your generosity helped us raise €1,374! It was great to see our community come together, and we couldn't have done it without each and every one of you. Not only was the day a roaring success, but it also created lasting memories for our children. Here's a link to some of the fun on the day, in case you missed it before the break! 🎬 Oíche Shamhna 2026.mov

Cúrsaí Scoile 📰

Táimid ag tnúth le ceiliúradh a dhéanamh ar sheachtain na hEolaíochta an tseachtain seo chugainn ar scoil. Téama na bliana seo ná Uisce, rud a cheanglaíonn go deas leis an bhfeachtas don Choiste Glas i mbliana!
Beidh go leor turgnaimh spraíúla agus plé ar siúl sna seomraí ranga. Má tá suim ar leith ag aon pháiste san eolaíocht agus má tá turgnaimh, leabhair nó scéalta acu ar mhaith leo a roinnt lena rang, tugaimid cuireadh dóibh iad a thabhairt isteach ar scoil an tseachtain seo chugainn. Cuirfear eolais agus griangraif abhaile tríd Aladdin an tseachtain seo chugainn.

We are looking forward to celebrating Science Week next week in school. There will be lots of fun experiments and class discussions taking place in the classrooms. This year's theme is Water, which ties in nicely with the work of our Green school committee for the current campaign! If any children

have a particular interest in science and have experiments, books or stories they would like to share with their class, we invite them to bring them into school next week. Information and photographs will be sent home via Aladdin next week.

Creid nó ná creid táimid faoi lán tseoil ag pleanáil do Nollaig 2026. I mbliana, beimid ag leanúint leis an traidisiún de dhearadh cártaí Nollag leis an dá rang is óige sa scoil, na Crosóga Mara agus na Smugairlí Róin. Mar athrú beag, áfach, tá féilire scoile á dhearadh againn ina mbeidh grianghraif de na grúpaí ranga éagsúla, chomh maith le meascán de ghrianghraif ó cheiliúradh agus ó imeachtaí éagsúla a bhí ar siúl i rith na bliana. Bealach deas eile a bheidh i gceist chun pobal uile na scoile a chur san áireamh i spraoi agus i gceiliúradh na Nollag! Beidh na féilirí ar fáil le hordú go luath. Seolfar nóta breise ina mbeidh an nasc chun iad a ordú curtha amach tríd an gcóras Aladdin sna seachtainí amach romhainn.

Believe it or not we are busy planning for Christmas 2026. This year, we will be continuing with our Christmas card designs for the two youngest classes, Na Crosóga Mara agus na Smugairlí Róin. However, to add something a little different, we are also designing a school calendar featuring our class groups, along with a selection of photographs from the various celebrations and events that have taken place throughout the year. This is just an alternative way to include the wider school community in our Christmas fun! The calendars will be available to order soon. Further details, along with an ordering link, will be shared with families through Aladdin in the coming weeks.

Má tá spéis ag aon chlann na bliainiris Nollag a cheannach, beidh ordú scoile á chur isteach againn go luath. Faoi láthair tá nasc e-payment beo ar Aladdin agus gheobhaidh tú an eolas ar fad tríd an aip. (Is rud roghnach é seo, mas maith leat féin iad a fháil, níl aon bhrú ar éinne)

If any families are interested in the Christmas annuals, we will be submitting a school order soon. There is currently a live e-payment link on Aladdin and you will get all the information through the app. (This is a personal choice, there is no pressure on any family to buy these, the link is open for all, ignore it if not relevant to your family)

Rollú 27/28 🎒🏫

Le 148 pháiste sa scoil i mbliana, tá an scoil ag dul ó neart go neart. Tá spás i chuile rang príomhsrutha sa scoil (seachas Rang a 1 agus Rang a 4/5)…scaip an scéal sin le bhur dtoil! Bíonn chuile rang sa scoil ag feidhmiú trí Ghaeilge agus tugtar tús áite do chlainne atá ag tógáil a gcuid páistí trí Ghaeilge, mar a dhéantar i chuile Ghaelscoil.

Agus an próiseas clárúcháin don chéad bhliain eile ag teacht chun chríoch anois, tá sé níos soiléire ná riamh an t-éileamh ollmhór atá ar áiteanna sa scoil. Tá 28 áit á dtairiscint againn do Naíonáin Bheaga na bliana seo chugainn agus glacann deartháireacha agus deirfiúracha 12 áit acu sin go huathoibríoch. Fágann sin go bhfuil 78 páiste (as 90 iarratas ar fad) in iomaíocht don 16 áit atá fágtha.

Léiríonn na huimhreacha seo an géarghá atá le gníomh láithreach maidir lenár bhfoirgneamh buan. Ní mór dúinn brú a chur ar ár dTDanna áitiúla chun nuashonrú soiléir a fháil ar an dul chun cinn, ar an gcéim ina bhfuilimid sa phróiseas, agus ar an amlíne don oscailt. Tá na háiseanna seo dlite freisin dár ndaltaí reatha, atá thíos leis

faoi láthair mar nach bhfuil halla spóirt acu, ná spás breise laistigh le haghaidh sosanna gluaiseachta, ná clós níos mó agus an scoil ag fás gach bliain.

Cé go bhfuil an Bord Bainistíochta i dteagmháil leanúnach lenár bPátrún, bíonn tionchar i bhfad níos láidre ag guthanna na dtuismitheoirí ar na polaiteoirí áitiúla a bhfuil a fhios acu cé chomh gasta agus atá Domhnach Bat ag fás. Impímid oraibh an t-ábhar seo a ardú agus a phlé le hionadaithe poiblí má bhíonn tú i dteagmháil leo.

Beidh áiteanna á ofráil ar spásanna 2027/28 sna scoileanna ar fad i nDomhnach Bat ar an lá céanna, sin Dé hAoine 20ú Samhain.

With 148 children in the school this year, the school is going from strength to strength. Every mainstream class in the school still has space however (except for 1st and 4th/5th class)…so feel free to spread the word. Every class in the school operates through the medium of Irish and priority is given to families who are raising their children through the medium of Irish, as is done in all Gaelscoileanna.

With our enrolment process for next year now coming to a close, the sheer scale of demand for school places in our area has become starkly apparent. We have 28 places up for offer for next year's Junior Infants, 12 of which are automatically taken by siblings. This leaves 78 children (out of 90 total applications) vying for just 16 remaining places.

These numbers underscore the critical need for a definitive update on our permanent school building. We need to put pressure on our local TDs to find out exactly where we stand in the process and secure a concrete timeline for when our new school will open. We are also advocating for our current students, who are currently missing out on vital facilities like a sports hall, extra indoor rooms for movement breaks on wet days, and a larger yard space as our school population grows annually.

While the Board of Management continues to liaise with our Patron, real traction is gained when parents' voices are heard. Our local representatives know how fast Donabate is growing, and they need to hear from you. We strongly ask you to keep this issue at the forefront and voice these concerns whenever you are contacting local politicians.

2027/28 places will be offered in all schools in the Donabate area on the same day, which is Friday 20th November.

Coiste Glas na Scoile 💚
I mbliana, tá an Coiste Glas ag tabhairt faoi fheachtas nua agus táimid ag díriú ar théama an Uisce! Tá an téama seo mar chuid de chlár na Scoileanna Glasa don dara bhrat scoile. Is é an sprioc atá againn ná cabhrú leis na páistí tuiscint níos fearr a fháil ar thábhacht an uisce agus ar an gcaoi ar féidir linn é a shábháil agus a chosaint.
Green-Schools Projects

Beidh muid ag iarraidh ar na páistí roinnt rudaí simplí a dhéanamh ar scoil agus sa bhaile, mar shampla:

- **An sconna a mhúchadh agus muid ag scuabadh ár bhfiacla.**
- **Gan uisce a chur amú agus muid ag ní ár lámha.**
- **Aon sconna atá ag sceitheadh a chur in iúl do dhuine fásta.**
- **Gan níos mó uisce a úsáid ná mar atá ag teastáil.**

- **Uisce báistí a bhailiú chun na plandaí a uisciú sa gháirdín scoile.**

Tá sé tábhachtach go dtuigimid go bhfuil gach braon luachmhar! Fiú má dhéanaimid athruithe beaga gach lá, is féidir linn difríocht mhór a dhéanamh le chéile. Beidh an Coiste Glas ag obair go dian i mbliana chun teachtaireacht an uisce a scaipeadh ar fud na scoile agus sa bhaile freisin!

This year, our Green-Schools Committee is starting a new campaign with a focus on Water! This is the theme of the Green-Schools programme second flag. Our aim is to help the children understand how important water is and how we can all play our part in saving and protecting it. Green-Schools Projects

We will be encouraging the children to make small changes both at school and at home, such as:

- *Turning off the tap while brushing our teeth.*
- *Not wasting water when washing our hands.*
- *Reporting any dripping or leaking taps to an adult.*
- *Only using as much water as we need.*
- *Collecting rainwater to water plants in our school garden.*

We all need to remember that every drop counts! Even small changes in our daily habits can make a big difference when we work together. Our Green-Schools Committee will be working hard this year to spread the message about saving water throughout our school and wider community!

Meabhrú go bhfuil an bosca bruscar buí sa charrchlós scoile mar chuid den obair. Comh maith leis an gcaoi a dtógann chuile pháiste a mála níocháin ar scoil ó R1-R5. Tá seo théis ghearradh siar mór a dhéanamh ar an méid bruscar a chruthaíonn na páistí. Tá sé tábhachtach go mbíonn an mála níocháin ag na páistí agus go dtabharfaidh sibh moladh dóibh as ucht iad a úsáid ar scoil.

Remember that the yellow bin in the school car park is part of the work of the Green School campaign. As well as the way that every child takes their own wash bag to school from R1-R5. This is to make a big cut back on the amount of litter that the children create, through paper hand towels. It is important that the children have their wash bag every day and that they are encouraged and praised for using them at school.

Tá boscaí bruscair speisialta eile do duilleoga amháin sa charrclós d'éinne atá ag iarraidh málaí duilleoga a thabhairt ar scoil. Tá a fhios ag na páistí go mbíonn na duilleoga seo ag briseadh síos go cré théis tamaill agus is féidir linn an cré seo a úsaid i ngáirdín na scoile.

In addition, there are special bins for leaves in the car park for anyone who wants to bring bags of leaves to school. The children know that these leaves break down into clay over time and we can use this clay in the school garden.

Peace Proms 2026/2027 🎤🎶

Tá ríméad orainn a fhógairt go mbeidh na ranganna sinsearacha (ó Rang 3 ar aghaidh) ag glacadh páirte i Peace Proms i mbliana, faoi chúram Shinéad agus múinteoirí na ranganna. Beidh an cheolchoirm iontach seo ar siúl ar an Domhnach, 7 Feabhra 2027, agus tá fáilte roimh chách freastal uirthi!
https://www.peaceproms.com/upcoming-events

Tá na ticéid ar díol anois. Seoladh nóta agus cód speisialta chuig tuismitheoirí na ndaltaí atá páirteach cheana féin trí Aladdin. Mholfaimis go láidir do thuismitheoirí ticéid a cheannach go luath sula mbeidh siad díolta amach. Beidh fórmhór den chleachtadh á dhéanamh againn ar scoil, chomh maith le seisiúin chleachtaidh ag a 8:00 r.n. ar mhaidineacha áirithe dóibh siúd ar féidir leo teacht. Ná bíodh imní ar bith ort mura n-oireann an t-am seo do do theaghlach. Chomh maith leis sin, beidh cleachtadh foirmiúil ag an gcór iomlán leis an Maestro ar an 10 Nollaig i gCoimpléasc Spórt Éireann i mBaile Bhlainséir. Coinneoimid ar an eolas sibh le tuilleadh nuashonraithe amach anseo!

We are thrilled to announce that our older classes (from 3rd Class upwards) will be participating in ***Peace Proms*** *this year, under the care of Sinead and their respective class teachers. This incredible concert will take place on* ***Sunday, 7 February 2027****, and everyone is welcome to attend!*
https://www.peaceproms.com/upcoming-events

Tickets are currently on pre-sale. A note containing the pre-sale access code has already been sent via Aladdin to the parents of all students involved. We highly advise parents to purchase their tickets soon to avoid disappointment. Practice will take place mostly during school hours, and we will also run some morning practice sessions at ***8:00 AM*** *for anyone who can make it. Please do not fret if this early time is not possible for your family. Additionally, a formal full-choir rehearsal with the Maestro will take place on* ***10 December*** *at the Sport Ireland Campus in Blanchardstown. More updates will follow soon!*

Seó na Nollag 2026 🎄

Beidh Seó na Nollag 2026 ar siúl in Halla an Ionaid Phobail ag 11:45 Déardaoin 17ú Nollaig. Míle buíochas do Chairde na Scoile a bheas ag tabhairt an-aire dúinn le tae agus caife agus sóláistí ann, agus do Lynda san ionad phobail a bhíonn i gcónaí comh chabhrach agus muid ag eagrú na hócáide. Beidh tuilleadh eolais ag teacht faoin seó ag tús Mí na Nollag, faoi latháir níl le déanamh ach an dáta a chur sa bhféilire!

The 2026 Christmas Show will take place in the Community Centre Hall at 11:45 on Thursday, 17th December. Many thanks to Cairde na Scoile, who will be looking after us with tea, coffee, and refreshments, and to Lynda at the Community Centre, who is always so helpful whenever we organise this event. Further information regarding the show will be provided at the beginning of December; for now, just make sure to mark the date in your calendar!

Dátaí don Dialann 🗓️

Dé Máirt 10ú Samhain - Traenáil do Mhúinteoirí ar an gCuraclam Nua- Scoil Dúnta
Tues 10th November - Teacher training on New Primary Curraclam - School will be closed

Tabhair faoi deara go mbeidh stailc 24 uair an chloig á reáchtáil ag seirbhísigh phoiblí ar an Déardaoin, 12 Samhain 2026. Dá bhrí sin, beidh an scoil seo dúnta don lá iomlán. Beidh an scoil ar oscailt arís an lá dár gcionn. Go raibh maith agaibh as bhur dtuiscint.
*Please note that a 24-hour public sector strike will take place on **Thursday, 12 November 2026**. Consequently, the school will be **closed** for the entire day. Normal school operations will resume the following day. Thank you for your understanding.*

Déardaoin 10u Nollaig - Cleachtadh Peace Proms i mBaile Bhlanséir
Thursday 10th December - Whole choir practise for Peace Proms participants

Déardaoin 17ú Nollaig - Seó na Nollag san Ionad Phobail - 11:45 - 13:10
Thursday 17th December - Christmas Show in the Community Centre - 11:45 - 13:10

Dé hAoine 18ú Nollaig - Lá na nGeansaithe Nollag ar son Naomh Uinseann de Pól
Friday 18th December - Christmas Jumper Day in aid of St. Vincent de Paul

Laethanta Saoire na Nollag - Dúnfar an scoil ag 11:50 Dé Máirt 22ú Nollaig
Christmas Holidays - School will close at 11:50 Tuesday 22nd December

Arais ar scoil - Dé Céadaoin 6ú Eanáir 2027
Back to school - Wednesday 6th January 2027

Le dea-ghuí agus buíochas,
Orflaith.